# dlr times

EARRACH 2024

BREATHNAIGH ISTEACH

Ag ceiliúradh 30 bliain de dlr

Earraigh isteach san Oidhreacht



# Beart a Dhéanamh i dTeannta a Chéile

Glacadh le Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide nua 2024-2029

dlr Comhairle Contae County Council

EOLAS AGUS NUACHT Ó CHOMHAIRLE CONTAE DHÚN LAOGHAIRE-RÁTH AN DÚIN

# féach Isteach


Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide ......... 03

NUACHT dlr

Teachtaireacht ón gCathaoirleach agus ón bPríomhfheidhmeannach ................. 04

Deontais Tacaíochta d'Íocóirí Rátaí don bhliain 2024 ................. 05

AG CEILIÚRADH 30 BLIAIN DE dlr

Scéal Éabhlóide Do Chontae ................. 06

Ag breathnú ar an todhchaí ................. 07

PRÓIFÍL FOIRNE dlr

John Murphy ................. 08

FAISNÉIS PHOIBLÍ dlr

Buaicphointí thar na blianta ................. 08

Seachtain na Rothar 2024 ................. 09

Earraigh isteach san oidhreacht ................. 09

Féile le Chéile dlr ................. 09

IMEACHTAÍ EALAÍONA AGUS LEABHARLANN dlr

Stiúideo Ealaíne ar Fáil do Dhaoine Fásta ........ 10

Stiúideo Néara-éagsúil ar an Satharn ............. 10

Aistear & Do Leabharlann Áitiúil ................. 11

Taispéantas faoi Ghrianghrafadóir Nuachtáin na Bliana ................. 11

DO CHOMHAIRLEOIRÍ dlr ................. 12



## Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

Áras an Chontae, Bóthar na Mara, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath, Éire. A96 K6C9

**TEILEAFÓN:** 01 205 4700

**RÍOMHPHOST:** info@dlrcoco.ie

—

**Oifig Ceantair Áitiúil Dhún Droma**

Páirc Oifige Dhún Droma, An tSráid Mhór, Dún Droma, D14

Luan – Aoine 9:30am go 12:30pm agus 1:30pm go 4:30pm

**TEILEAFÓN:** 01 205 4880

**RÍOMHPHOST:** info@dlrcoco.ie

dlrcoco.ie

dlrtourism.ie | events.dlrcoco.ie
libraries.dlrcoco.ie



Arna phriontáil in Éirinn ar pháipéar a fuarthas go hinbhuanaithe. Athchúrsáil i ndiaidh úsáide.

Arna dhearadh ag dlr



@dlrcc    dlrcoco.ie

DunLaoghaireRathdownCountyCouncil

Más mian leat **dlr times** a fháil ar an ríomhphost, déan teagmháil linn ar: **commsoffice@dlrcoco.ie**


Tá dlr times ar fáil as Gaeilge – **dlrcoco.ie/dlrtimes**

## Teachtaireacht ón **gCathaoirleach**



*Fáilte chuig an eagrán is déanaí den dlr Times. Tá 30 bliain ann ó bunaíodh an Chomhairle, cor cinniúnach a cheiliúrtar san eagrán seo agus sinn ag féachaint siar ar an méid a baineadh amach faoina scáth agus ag féachaint chun cinn ar na rudaí atá beartaithe aici amach anseo.*


*Cuireadh deireadh le Comhairle Buirge Dhún Laoghaire in 1994 agus tugadh Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin isteach ina háit. Ba in 1991 a toghadh mé mar Chomhairleoir den chéad uair agus is mó athrú ar an gComhairle atá feicthe agam le 30 bliain anuas.*

*Tá an contae dulta i méid thar theorainn Dhún Laoghaire agus Ráth Fearnáin anois síos chomh fada le Bré. Bhí 28 Comhairleoir ar an gComhairle nua, méadú ón 15 a bhí ar Chomhairle Buirge Dhún Laoghaire. De réir mar a chuaigh an daonra i líonmhaire le himeacht aimsire, cuireadh le líon na gComhairleoirí agus, faoi mar a sheasann cúrsaí faoi láthair, táimse ar dhuine de 40 comhairleoir a dhéanann ionadaíocht ar 6 thoghbharda.*

*Rinneadh Slabhra Oifige chun an téama Ó Chuan go Sliabh a chur in iúl. Na híomhánna atá ann is léiriú iad ar ghnéithe éagsúla dár gContae i gcoitinne: long Lochlannach ina siombail ar na limistéir mhuirí sna bólaí seo, craobh dharach ina siombail ar an tírdhreach faoi chrainn a fheictear mórthimpeall na háite, triantán ina shiombail ar Shléibhte Bhaile Átha Cliath agus go leor eile.*

*Cé gur iomaí athrú atá curtha dínn, is í an fhís atá againn ná leanúint de Chontae forásach bríomhar a chothú le go mbeidh sé ina áit tharraingteach, ionchuimsitheach agus inrochtana do chách.*

**AN COMHAIRLEOIR DENIS O'CALLAGHAN**



## Margaí na Comhairle Contae

**PÁIRC AN PHOBAIL & DLR LEXICON,** Dún Laoghaire
Domhnach 11r.n.-4i.n.

**PÁIRC MHARLAÍ**
Ráth Fearnáin, Baile Átha Cliath 16
Satharn 10r.n.-4i.n. agus Domhnach 11r.n.-4i.n.




## UIMHREACHA TEILEAFÓIN ÉIGEANDÁLA

**Lasmuigh de Ghnáthuaireanta:** 01 677 8844
[i ndiaidh 5i.n. agus an deireadh seachtaine]

**Daoine gan Dídean:** 1800 724 724
[seirbhísí iar-ama]

**Uisce Éireann:** 1850 278 278
[24 uair an chloig]

## Páirceanna **dlr**

**PÁIRC NA CARRAIGE DUIBHE**
**UAIREANTA OSCAILTE:** Rochtain Oscailte

**PÁIRC CHÁBÁN TSÍLE**
**UAIREANTA OSCAILTE:** M. Fómh. 8r.n. go 8i.n. | D. Fómh. 8r.n. go 7i.n. | Samh. – Ean. 8r.n. go 5i.n. | Feabh. 8r.n. go 6i.n. | Márta 8r.n. go 7i.n. | Aib. 8r.n. go 8i.n. | Beal. – Lun. 8r.n. go 10.30i.n.

**PÁIRC NA BHFIANNA**
**UAIREANTA OSCAILTE:** Rochtain Oscailte

**PÁIRC AGUS GAIRDÍNÍ CHNOC NA RAITHNÍ**
**UAIREANTA OSCAILTE:** 9r.n. - 6i.n.

**PÁIRC CHILL BHEAGÓIGE**
**UAIREANTA OSCAILTE:** Rochtain Oscailte

**PÁIRC CHNOC CHILL INÍON LÉININ**
**UAIREANTA OSCAILTE:** Rochtain Oscailte

**PÁIRC MHARLAÍ**
**UAIREANTA OSCAILTE:** M. Fómh. 9r.n. go 8i.n. | D. Fómh. 9r.n. go 6i.n. | Samh. – Ean. 9r.n. go 5i.n.
Feabh. – Márta 9r.n. go 6i.n. | Aib. 9r.n. go 9i.n. | Beal. – Lún. 9r.n. go 10i.n.

**PÁIRC AN PHOBAIL**
**UAIREANTA OSCAILTE:** Noll. – Márta 8r.n. go 4.30i.n.
Aib. – Beal. 8r.n. go 7.30i.n. | Meith. – M. Fómh. 8r.n. go 8i.n. |
D. Fómh. – Samh. 8r.n. go 7.30i.n.

**PÁIRC SHEANGÁNAÍ**
**UAIREANTA OSCAILTE:** Rochtain Oscailte

## Eolas faoi athchúrsáil

**PÁIRC ATHCHÚRSÁLA BHAILE UÍ ÓGÁIN**
Bóthar Bhaile Uí Ógáin

**TEILEAFÓN:** 01 291 3600
**UAIREANTA OSCAILTE:** Luan – Aoine 8.30r.n. go 5.30i.n., Sath. 9.30r.n. go 5.30i.n. | Domh./Lá Saoire Bainc 10.30r.n. go 5.30i.n..
**DÚNTA:** Oíche Nollag – Lá Fhéile Stiofáin, Lá Caille, Domhnach Cásca.

**IONAD ATHCHÚRSÁLA PHÁIRC ÉIDIN**
Bóthar Chnoc an tSamhraidh, Glas Tuathail

**UAIREANTA OSCAILTE:** Luan – Déar. 8.30r.n. go 4i.n.
Aoine – Sath. 8.30r.n. go 3.30i.n..
**DÚNTA:** Domhnach, Lá Saoire Bainc, Lá Saoire Poiblí.

**IONAD ATHCHÚRSÁLA SHEANGÁNAÍ**
Carrchlós na Reilige, Seanchill

**UAIREANTA OSCAILTE:** Luan – Déar. 8.30r.n. go 4i.n.
Aoine – Sath. 8.30r.n. go 3.30i.n..
**DÚNTA:** Domhnach, Lá Saoire Bainc, Lá Saoire Poiblí.

## Leabharlanna **dlr**

**dlr LexIcon**
Ardán Haigh, Dún Laoghaire
**TEIL:** 01 280 1147
**UAIREANTA OSCAILTE:** Luan – Déar. 9.30r.n. – 8i.n.
Aoine go Sath. 9.30r.n. – 5i.n. | Domh. 12i.n.– 4i.n.

**AN CHARRAIG DHUBH**
Halla Baile na Carraige Duibhe, An tSráid Mhór
**TEIL:** 01 288 8117
**UAIREANTA OSCAILTE:** Luan, Céad., Aoine agus Sath. 10r.n. – 1i.n., 2i.n. – 5i.n. | Máirt agus Déar. 1.15i.n. – 8i.n.

**CÁBÁN TSÍLE***
Seanbhóthar Bhré, Cábán tSíle
**TEIL:** 01 285 5363
**UAIREANTA OSCAILTE:** Luan, Céad., Aoine* agus Sath.* 10r.n. – 1i.n., 2i.n. – 5i.n. | Máirt agus Déar. 2i.n. – 8i.n.

**DEILGINIS****
Sráid an Chaisleáin, Deilginis
**TEIL:** 01 285 5317
**UAIREANTA OSCAILTE:** Luan, Céad., Aoine agus Sath. 10r.n. – 1i.n., 2i.n. – 5i.n. | Máirt agus Déar. 1.15i.n. – 8i.n.

**GRÁINSEACH AN DÉIN****
Céide Chluain Caoin, Gráinseach an Déin
**TEIL:** 01 285 0860
**UAIREANTA OSCAILTE:** Luan 10r.n. – 5i.n. | Máirt go Déar. 10r.n. – 8i.n. | Aoine agus Sath. 10r.n. – 5i.n.

**DÚN DROMA**
Bóthar Bhaile an Teampaill Uachtarach, Dún Droma
**TEIL:** 01 298 5000
**UAIREANTA OSCAILTE:** Luan, Aoine agus Sath. 10r.n. – 1i.n., 2i.n. – 5i.n. | Máirt go Déar. 10r.n. – 8i.n.

**SEANCHILL***
Bóthar na Leabharlainne, Seanchill
**TEIL:** 01 282 3081
**UAIREANTA OSCAILTE:** Luan, Céad., Aoine* agus Sath.* 10r.n. – 1i.n., 2i.n. – 5i.n. | Máirt agus Déar. 2i.n. – 8i.n.

**STIGH LORGAN**
Aonad J (An chéad urlár), Lárionad Siopadóireachta Stigh Lorgan
**TEIL:** 01 288 9655
**UAIREANTA OSCAILTE:** Luan, Máirt agus Céadaoin 10r.n. - 5i.n. | Déardaoin 10r.n. - 8i.n. | Aoine agus Satharn 10r.n. - 1i.n. agus 2i.n. - 5i.n.

* Bíonn na leabharlanna a bhfuil réiltín in aice leo ar oscailt ar an Aoine nó ar an Satharn - déan teagmháil leo chun sonraí breise a fháil.

** Cuireann mo sheirbhís Leabharlainne Oscailte uaireanta breisithe ar fáil do bhaill na leabharlainne lasmuigh de ghnáthuaireanta oscailte, ó 8r.n. go 10i.n., 7 lá na seachtaine. Déan teagmháil le foireann na leabharlainne chun sonraí a fháil maidir le conas clárú.

\- Bíonn gach leabharlann dúnta ar an Satharn, ar an Domhnach agus ar an Luan más deireadh seachtaine saoire bainc atá ann.

## CUIR DO THUAIRIM IN IÚL MAIDIR LE COMHAIRLIÚCHÁIN PHOIBLÍ

Táimid tiomanta a chinntiú go gcloisfear do ghuth maidir leis na cinntí a dhéanann difear duitse agus do do chomharsanacht i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin.
Ligeann ár n-ardán comhairliúcháin agus rannpháirtíochta dlrcoco.ie/haveyoursay duit do thuairimí a chur in iúl dúinn cad iad na tosaíochtaí agus na hábhair imní atá agat don Chontae.





# Todhchaí inbhuanaithe a Chothú

## Glacadh le Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide nua 2024-2029



**Ghlac ár gcomhaltaí tofa le Plean Gníomhaithe Aeráide dlr 2024-2029 le déanaí, plean gníomhaithe ina bhféachtar le lucht cónaithe agus oibrithe sa Chontae seo chomh maith le daoine a thagann ar cuairt chuige a chur ar an eolas faoin gcaoi ina féidir leo beart a dhéanamh trí pháirt a ghlacadh i gcláir agus comhpháirtíochtaí nuálaíocha.**

**Tá sé ríthábhachtach dul i mbun cainte le pobail, le gnólachtaí, agus le hearnálacha eile má táimid dáiríre faoi athrú iompraíochta i leith gníomhú ar son na haeráide a chur i bhfeidhm. Tá ár ndúthracht á caitheamh le hastaíochtaí gáis cheaptha teasa a laghdú agus le drochthionchair ó athrú aeráide a mhaolú agus sinn ag obair linn i dtreo todhchaí inbhuanaithe faoi mbliain 2030, faoi 2050 agus lá níos faide anonn.**

Mar chuid den phlean tabharfar faoi réimse gníomhartha thar sé réimse théamacha:

- FUINNEAMH & FOIRGNIMH
- IOMPAR
- SEASMHACHT I GCOINNE TUILTE
- RÉITIGH DÚLRA-BHUNAITHE
- GEILLEAGAR CIORCLACH AGUS BAINISTIÚ ACMHAINNÍ
- RANNPHÁIRTÍOCHT AN PHOBAIL


Trí bhíthin na ngníomhartha seo, tá sé mar aidhm againn athrú chun feabhais follasach a chur ar fhreagairt an Chontae i leith athrú aeráide. Níl aon teorainn leis an Athrú Aeráide, agus is den riachtanas é mar sin obair as lámha a chéile le páirtithe leasmhara sa Chontae seo agus leis na húdaráis áitiúla taobh linn.

Agus breis agus 883k le fáil ann, tabharfaidh Ciste Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide tacaíocht do thionscadail atá faoi stiúir an phobail a fhéachfaidh le hathrú chun feabhais a dhéanamh maidir le fuinneamh, cúrsaí taistil, cur amú bia, athchúrsáil, agus gníomhú ar son na haeráide go háitiúil.

I measc na ngnéithe is tábhachtaí dár straitéis gníomhaithe ar son na haeráide tá feithiclí leictreacha a cheannach nuair is féidir nó, de rogha air sin, feithiclí bithdhíosail chumhachtaithe a cheannach, chomh maith le féachaint chuige go mbeidh gach soilsiú sráide tíosach ar fhuinneamh, agus iad ag feidhmiú de réir an chaighdeáin de ISO 50001 ó thaobh éifeachtúlacht fuinnimh de an t-am ar fad. Maidir le seirbhísí a sholáthar, tá sé de nós againn cur chuige Tús Áite do Chúrsaí Digiteacha a chur chun cinn. Sinn ag iarraidh a oiread dár ngnó agus dár bpróisis iarratais a chur ar líne agus is féidir, gan trácht ar dheiseanna a thabhairt dár bhfostaithe gabháil don obair chumaisc ar mhaithe lena gcaighdeán maireachtála a fheabhsú agus le cur ar a gcumas níos lú dochar a dhéanamh don aeráid trí níos lú taistil chun na hoibre a dhéanamh.

Beidh an Crios Dícharbónaithe Dhún Laoghaire agus na Carraige Duibhe ina eiseamláir d'astaíochtaí a laghdú agus de chleachtais inbhuanaithe. Trí choincheap na comharsanachta deich nóiméad ar shiúl ó cheann go ceann a ghlacadh chugainn féin, tá sé de rún againn pobal a chothú inar féidir teacht ar sheirbhísí bunriachtanacha de shiúl na gcos, ar rothar, nó ar iompar poiblí. Cuirfidh an cur chuige seo feabhas ar an gcaighdeán maireachtála do na daoine uile ina gcónaí sa Chontae seo agus do na daoine uile a thagann ar cuairt chuige.

Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil leis na comhaltaí tofa, na grúpaí leasmhara, agus na comhlachtaí reachtúla as an méid a chuir siad le forbairt an phlean seo. Le tuilleadh a fháil amach faoin bplean, déan an cód MF a scanadh nó téigh chuig ár suíomh Gréasáin: https://www.dlrcoco.ie/climate-action-plan-2024



## Teachtaireacht ón gCathaoirleach, Denis O'Callaghan

Tá an bhliain 2024 faoi lánseol agus an oiread sin tionscadal agus imeachtaí idir lámha againn a fhónfaidh do shaoránaigh agus do phobail an Chontae seo araon.

Na spriocanna tithíochta a bhí le baint amach againn anuraidh, sháraíomar iad nuair a thógamar 900 teach, idir an chlár tógála, Chuid V, ligean ar léas, ÍCT (Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta) agus an Scéim um Chóiríocht ar Cíos (RAS). Is mór an ní an méid sin agus tá súil agam go leanfaidh sé ó neart go neart. Ní beag an dul chun cinn atá déanta cheana féin i dtaca le soláthar tithíochta de tar éis don Aire Tithíochta Darragh O'Brien 27 teach Chuid V a sheoladh i gCoill Chill Tiarnáin. Cuirfear 24 theach ar cíos de réir costais ar fáil faoi dheireadh Chéim 1, agus 48 theach eile ar fáil faoi thús na bliana seo chugainn. Tá áthas orm a chloisteáil go mbeidh na chéad thithe ar phraghas réasúnta ar fáil i Seangánach níos deireanaí i mbliana agus iad tógtha mar chuid den scéim shóisialta agus inacmhainne is mó a reáchtáladh sa tír riamh.

> "Tá áthas orm a chloisteáil go mbeidh na chéad thithe ar phraghas réasúnta ar fáil i Seangánach níos deireanaí i mbliana agus iad tógtha mar chuid den scéim shóisialta agus inacmhainne is mó a reáchtáladh sa tír riamh."

Táimid tiomanta do phobail a dhéanamh níos freagraí ó thaobh na timpeallachta de agus níos tíosaí ar fhuinneamh agus ardú meanman is ea an líon mór daoine a d'fhreastail ar an gceardlann Phobail um Ghníomhú ar Son na hAeráide a reáchtáladh le déanaí. Tá €883k curtha i leataobh againn do thionscadail um ghníomhú ar son na haeráide sa phobal agus táim ag súil go mór le tionscadail nuálaíocha a oibreoidh i ndlúthchomhar lenár bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024-2029. Níos luaithe i mbliana bhíomar mar óstach do Chruinniú Mullaigh na bhFoirgneamh atá Saor ó Astaíochtaí agus d'éirigh go seoigh leis.


Agus sinn ag féachaint chun cinn, is den riachtanas é ár n-oidhreacht a chaomhnú. Agus mé i láthair ag an gCéad Lá Chartlann na Cosmhuintire dlr a reáchtáil ár Rannóg Oidhreachta riamh, ba chúis sásaimh dom bualadh le daoine a d'fhreastail air agus iad ar thóir an tsaineolais agus na sainchomhairle a cuireadh ar fáil ann i dtaobh aire a thabhairt d'earraí cuimhneacháin teaghlaigh agus do thaifid stairiúla.

Tá an t-ionchuimsiú go mór chun tosaigh in go leor tionscadal. Sheol mé eagrán 2024 d'Iris Aoisbhá dlr le déanaí agus neart comhairle agus treorach le fáil inti maidir le saincheisteanna éagsúla a bhíonn ag cur as do dhaoine breacaosta. Maidir leis an gcéad ghlúin eile, táim ag súil le Téimis ar Luascáin i bPáirc Chill Bheagóige, tionscadal a chinnteoidh go mbeidh teacht níos éasca ag páistí ar áiseanna súgartha.

Tá 30 Bliain ann i mbliana ó bunaíodh Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. Toghadh mé mar Chomhairleoir den chéad uair in 1991 agus ó shin i leith is iomaí athrú atá feicthe agam, ní hamháin bunú na Comhairle ach neart athruithe ar fud ár gContae, leis, agus sinn ag méadú ó Bhuirg Dhún Laoghaire go Dún Laoghaire-Ráth an Dúin.

Tá súil agam go bhfeicfidh mé thú ag cuid de na himeachtaí agus na deiseanna a bheidh á reáchtáil ag dlr le linn 2024.

**CLLR. DENIS O'CALLAGHAN**





## Teachtaireacht ón bPríomhfheidhmeannach, Frank Curran

Tá tús gnóthach curtha leis an mbliain le glacadh an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide ag ár gcomhaltaí tofa. Tá an plean nua leagtha amach chun dul i dteagmháil le agus chun eolas a thabhairt go cónaitheoirí, oibrí agus cuairteoirí d'ár gContae ar ghníomhaíocht a thógáil trí comhpháirtíochta agus cláranna nuálacha. Is féidir linn astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus tionchair athrú aeráide a maolú agus muid ag obair le chéile.

Tá braiteoirí an caighdeán aeir insealbhaithe againn ar fud an chontae, chun tuiscint níos mó a bhaint amach ar chaighdeán an aeir áitiúil. Tá sé mar aidhm againn iarracht comhoibríochta a chothú i dtreo aer níos glaine agus níos sláintiúla do chách. Tá 22 milliúin dáilte dúinn ón ÚNI le 46 scéim a chur chun cinn le tacaíocht a thabhairt chun bonneagar rothaíochta agus siúlóide a chur ar fáil. Mar chuid d'ár ngealltanas brat feabhsaithe crann agus coillte dúchasacha feabhsaithe a sheachadadh, tá sé mar aidhm againn 10,000 crann dúchasacha a chur an t-earrach seo le cúnamh ó oibrithe deonacha ón bpobal.

> "Tá 22 milliúin dáilte dúinn ón ÚNI le 46 scéim a chur chun cinn le tacaíocht a thabhairt chun bonneagar rothaíochta agus siúlóide a chur ar fáil."

I mbliana beimid ag ceapadh Foireann dearaidh chun Ard-Phlean Chuan Dhún Laoighaire a chumadh chun forbairt an Chuain a threorú amach anseo. Tosóidh an chéim dearaidh agus pleanála don Champas Spóirt Uisce Náisiúnta atá beartaithe i mbliana agus é mar sprioc dheiridh aige sin rannpháirtíocht i ngach spórt uisce a fheabhsú trí bhonneagar d'ard-chaighdeán a chuir ar fáil. I mbliana, tabharfaidh 89 long chrúsála aghaidh ar Chuan Dhún Laoighaire, ag tabhairt 143,000 páisinéirí agus 61,000 criú san iomlán chuig an gceantar.

Leanfar le háis ar thrá Chill Iníon Leinín (arna maoiniú ag Fáilte Ireland) go Cuid 8 dá phleanáil i mbliana. San áis atá beartaithe beidh ceathanna te, áiseanna leithris agus athraithe, stóráil sábháilte, spásanna ionduchtaithe, agus pointí le haghaidh níochán trealaimh agus treoshuíomh do dhíograiseoirí na spórt uisce. Tá leabharlanna nua á dtógáil ag Stigh Lorgan agus Baile Uí Ógáin agus leanfaidh linn snámha agus ionad aclaíochta beartaithe ag Ionad Samuel Beckett ar aghaidh go Cuid 8 i mbliana.

I réimse na tithíochta, tá sé mar aidhm againn a bheith i láthair ar an suíomh i nGleann na Muc agus i mBaile Uí Ógáin i mbliana chun tithe sóisialta agus tithe ar cíos de réir costais a chur chun cinn. I gCoill na Silíní, tá cead tugtha i gcás 4,896 tithe, agus tá thart ar 1,396 críochnaithe agus 635 á dtógáil. Beidh an rampa rochtana críochnaithe i mbliana, lena gcuirfear feabhas ar an rochtain go folcadáin Dhún Laoghaire. Tá conradh le síniú freisin maidir le Scéim Bóthar Dáileacháin Ghleann na Muc.

Tá réimse éagsúla imeachtaí ar na bacáin, lena n-áirítear Eggscapade ag Páirc na Carraige Dhuibhe, agus beidh Coastival ar ais an samhradh seo. Tá súil agam go dtógfaidh tú féin agus do chlann píosa ama amach chun sult a bhaint as ár bpáirceanna agus spásanna nádurtha agus muid ag druidim i dtreo an Earraigh.

**FRANK CURRAN**



# Deontais Tacaíochta
## d'Íocóirí Rátaí don bhliain 2024




Coinníodh mar chuid de Bhuiséad na Comhairle 2024 go leor deontas agus tacaíochtaí do ghnólachtaí amhail an Deontas Tacaíochta d'íocóirí rátaí incháilithe ar gearradh bille rátaí níos lú ná €20,000 orthu in 2024. Tá na híocaíochtaí deontais céimnithe de réir méid na rátaí atá le híoc agus tá deontais idir 8% agus 14% ar fáil.

Le bheith i dteideal Deontas Tacaíochta d'Íocóirí Rátaí a fháil, caithfidh tú an tsuim a íoc ina hiomláine faoin1 Iúil, 2024 nó clárú le haghaidh do rátaí a íoc trí Dhochar Díreach roimh an dáta sin.

Má chláraíonn tú le híoc trí dhochar díreach agus fad is go gcomhlíonann tú téarmaí agus coinníollacha eile na scéime, aistreofar do dheontas isteach i do chuntas go huathoibríoch i mbliana le go laghdófar an méid a bheidh le híoc agat trí dhochar díreach chun d'fhiach a ghlanadh i mí na Samhna agus i mí na Nollag.

Déan an Cód MF a scanadh le cuntas iomlán a fháil, téarmaí agus coinníollacha san áireamh, nó tabhair cuairt ar ár suíomh gréasáin www.dlrcoco.ie/commercial-rates/ratepayers-support-grant-2024

Téigh i dteagmháil linn chomh luath géar agus is féidir chun an comhaontú atá de dhíth a chur i bhfeidhm lena chinntiú go mbeidh tú incháilithe di. Glaoigh ar 01 205 4821 nó ar 01 230 6621 nó seol ríomhphost chuig: rates@dlrcoco.ie

# Braiteoirí aeir suiteáilte
## trasna Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin



Tá braiteoirí cáilíochta aeir suiteáilte againn ar fud Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, chun ár dtuiscint ar cháilíocht an aeir áitiúil a fheabhsú tuilleadh. Faoi láthair, tá ceithre braiteoir ar fáil, agus níos mó le cur leis i mbliana. Tá na braiteoirí nua seo deartha go sonrach chun truailleáin aeir ríthábhachtacha a thomhas mar Ábhar Cáithníneach (PM) agus Dé-ocsaíd Nítrigine, chomh maith le sonraí aimsire fíor-ama a sholáthar. Le suiteáil na mbraiteoirí seo, tá sé mar aidhm againn comhiarracht a chothú i dtreo caighdeán aeir níos glaine agus níos sláintiúla do chách. Tabharfaidh na sonraí a bhailítear deis do dhaoine a chónaíonn, a oibríonn agus a thugann cuairt ar an gcontae léargas a fháil ar cháilíocht an aeir, ag cuidiú le forbairt cinntí eolasacha agus bearta réamhghníomhacha chun aghaidh a thabhairt ar imní faoi thruailliú aeir. Is féidir na braiteoirí a fheiceáil ar airly.org nó an APP AIRLY a íoslódáil chuig do phóca trí Google play Store nó App Store. Tá tuilleadh eolais faoi cháilíocht an aeir ar fáil ar dlrcoco.ie

# 10,000 crann le cur an Earrach seo!



Bhí ár Roinn Páirceanna gnóthach ag obair le hoibrithe deonacha chun tionchar suntasach a imirt ar ár dtimpeallacht áitiúil. Mar chuid dár dtiomantas do chlúdach crann feabhsaithe agus foraoisí dúchasacha a sheachadadh, chuireamar crainn dhúchasacha i mí Feabhra agus i mí an Mhárta 2024.

Tá ár n-oibrithe deonacha áitiúla ag cur go díreach, dearfach agus fadtéarmach lena gceantar áitiúil. Tá go leor buntáistí ag baint le níos mó crann a bheith ann lena n-áirítear cáilíocht an aeir a fheabhsú, gnáthóg don fhiadhúlra agus carbóin a fhrithháireamh.

Faigh tuilleadh eolais trí ríomhphost a chur chugainn ag parksconsultations@dlrcoco.ie

# Bí mar chuid den fhoireann




Is é Comhairle Contae Dhún LaoghaireRáth an Dúin rogha d'ionaid oibre más duine thú atá fuinniúil, cruthaitheach agus atá dírithe ar spriocanna a bhaint amach. Bain leas as deiseanna gairme den scoth ar fud ár seirbhísí riaracháin, gairmiúla, cruthaitheacha, teicniúla agus ginearálta. Cuireann Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin réimse leathan seirbhísí ar fáil do shaoránaigh, do ghnólachtaí agus do chuairteoirí ar an gContae. Leathnaigh do thaithí agus tú ag glacadh páirte i seachadadh ár gclár oibre dúshlánach agus spreagúil. Tuilleadh eolais ag www.dlrcoco.ie/job-listing

# Deonaigh imaidir le Costais Gnó a Mhéadú (ICOB)

Faoi Bhuiséad 2024, cheadaigh an Rialtas pacáiste de €257m le Deontas i leith Méadú ar Chostais Ghnó (ICOB) a chistiú mar bheart ríthábhachtach le cabhair a thabhairt do ghnólachtaí beaga agus meánmhéide. Agus cistiú á fháil aici ón Roinn Fiontraíochta, Trádála agus Fostaíochta (RFTF), is í Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin a bhainisteoidh soláthar céimneach an deontais seo do ghnólachtaí a mbeidh ina theideal. Íocfar an deontas seo in íocaíocht aonuaire le gnólachtaí incháilithe. Braitheann méid an deontais a íoctar le gnólachtaí incháilithe ar an méid a gearradh ar an ngnólacht sa bille Rátaí Tráchtála a fuair siad in 2023. É sin ráite, ní hionann é seo agus tarscaoileadh Rátaí Tráchtála a fháil agus ba cheart do ghnólachtaí leanúint dár mbille Rátaí Tráchtála a íoc mar is gnáth.




# Bíodh cluas le héisteacht ort más úinéir gnólachta thú! Cuir iarratas isteach anois chun cuma níos fearr a chur ar aghaidh do shiopa!

Más úinéir gnólachta thú atá i mbun athchóiriú a dhéanamh ar aghaidh do shiopa, seans go mbeifeá i dteideal deontas a fháil le híoc as 50 faoin gcéad de chostas (roimh CBL) na n-oibreacha, faoi réir uasdeontas de €5,000 in aghaidh an áitribh. Déan an Cód MF a scanadh le haghaidh breis eolais nó téigh chuig ár suíomh Gréasáin: https://dlrcoco.submit.com/show/48

# Comhpháirtíocht Spóirt dlr



Tionscnamh BoxUp

Tá lúcháir ar Fhoireann Chomhpháirtíocht Spóirt dlr a gcuid iarrachtaí leanúnacha a fhógairt chun gníomhaíocht aclaíochta agus rannpháirtíocht spóirt sa phobal a chur chun cinn. Anuraidh, d'eagraigh agus sheachaid siad réimse leathan cúrsaí oiliúna, ceardlanna, agus cláir dírithe ar an aclaíocht fhisiciúil do chuile aoisghrúpa, lenar freastalaíodh ar os cionn 11,200 rannpháirtithe.

I dteannta leis sin, thug an fhoireann tacaíocht do 37 chlub spóirt le deontais spóirt agus fuair siad os cionn €171,500 i maoiniú do chuntais dhíomhaoine. Seoladh tionscnaimh Cathracha Gníomhacha Bhaile Átha Cliath cosúil le BoxUp, Map My Park, Boules Courts, Be Active Night, agus Teen Space go rathúil freisin. Ag breathnú ar aghaidh go 2024, tá tuilleadh pleananna le teacht ag Comhpháirtíocht Spóirt dlr..

Ná caill amach ar an deis chun do chuid aclaíochta a fheabhsú agus a bheith páirteach sa phobal seo atá ag fás. Faigh amach cén chaoi gur féidir leat a bheith páirteach trí chuairt a thabhairt ar www.dlrsportspartnership.ie




# Ag ceiliúradh 30 bliain

## ó tháinig Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin ar an bhfód




Léarscáil staire de Theorainn an tSean Chontae

## Scéal Éabhlóide Do Chontae!

Is féidir tús struchtúr chontaetha na hÉireann a rianú siar go dtí ionradh na nAngla-Normannach sa 12ú haois. Maidir le teorainneacha na linne seo, bhí siad go hiomlán i bhfeidhm faoi 1606 nuair a cruthaíodh Cill Mhantáin. I measc na sléibhte, sheas muintir Uí Bhroin (ghlacfaidís seilbh ar Theach Chábán tSíle lá níos faide anonn) agus muintir Uí Thuathail an fód i gcoinne leagan amach nua an chontae. An ceantar a thugtar Dún Laoghaire-Ráth an Dúin air anois, bhí cuid de sa Pháil agus cuid de "Lasmuigh den Pháil" tráth dá raibh - go deimhin, tá stráicí de chlais teorainn bhunaidh an Pháil fós le feiceáil sna bólaí seo.

Faoin 19ú haois déag, bhí ceithre Bhailecheantar sa dúiche seo agus aon Cheantar Tuaithe amháin: An Charraig Dhubh, Deilginis, Cill Iníon Léinín & An Baile Breac, Baile an Rí (ar a dtugtar Dún Laoghaire ó 1920 i leith) agus Ceantar Tuaithe Ráth an Dúin uimh. 1. Tháinig ann don leagan amach atá ar an gcontae sa lá atá inniu ann de bharr trí mhórathrú riaracháin:

- In 1930, tháinig Bardas Buirge Dhún Laoghaire ar an bhfód nuair a cuireadh na ceithre Bhailecheantar le chéile in aon cheantar amháin (agus cúig chomhalta déag thofa mar ionadaithe air).
- In 1985, bunaíodh trí thoghchontae agus na ceithre chomhalta is seachtó a toghadh ó na toghchontae sin (agus cúig dhuine dhéag díobh siúd ina n-ionadaithe do Bhardas Buirge Dhún Laoghaire), tionóladh iad mar Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath.
- In 1994, cuireadh deireadh le Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath, agus bunaíodh na trí chontae atá ann faoi láthair: Dún Laoghaire-Ráth an Dúin, Fine Gall agus Baile Átha Cliath Theas. Tháinig an Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin nua le chéile den chéad uair ar an 10ú lá de mhí Eanáir 1994, agus gach duine den ocht gcomhalta tofa is fiche i láthair. Bhí a líon méadaithe go daichead faoi am a reáchtáladh na Toghcháin Áitiúla in 2014.

Tar éis é a athchóiriú go mór agus síneadh nach beag a chur leis, athainmníodh Halla Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin mar Halla Bhaile Dhún Laoghaire agus osclaíodh go hoifigiúil é in 1997. Agus iad scaipthe in oifigí sealadacha ar fud an bhaile mhóir roimhe seo, faoi dheireadh thiar bhíothas in ann baill foirne na Comhairle a thabhairt le chéile san fhoirgneamh nua. Thart faoin tráth sin, osclaíodh oifig i nDún Droma le freastal ar riachtanais daoine i gContae a bhí dulta i méid. Rinneadh breis athchóirithe ar Halla an Chontae in 2018, agus osclaíodh Seomra Comhairle le gur féidir le Comhaltaí Tofa agus le custaiméirí teacht le chéile ann.



Cé gurb é Dún Laoghaire-Ráth an Dúin an contae riaracháin is lú sa Stát de réir ceantair (126.1$km^2$), tráth na dToghchán Áitiúil deiridh in 2019, tharraingíomar go leor cainte go náisiúnta nuair a bhíomar ar an gcéad thoghcheantar riamh i stair an Stáit chun meascán cothrom 50:50 idir Comhairleoirí fir agus Comhairleoirí mná a bhaint amach.

Tá an contae ag síneadh amach ó bhruachbhailte Bhré go himeall Riasc Bhaile an Bhóthair cois cósta, fad is atá COBÁC agus Páirc Mharlaí ag críochantacht le Baile Átha Cliath Theas agus le Cathair Bhaile Átha Cliath. Agus ná déanaimis dearmad ar Thigh Bródáin agus ar Ghleann Cuilinn, na pointí is airde sa cheantar - is Ó Chuan go Sliabh atá ann, gan aon agó. Tar éis dul i gcomhairle le pobal na háite, glacadh le Suaitheantas nua don Chontae in 1993, suaitheantas ar a bhfuil siombailí atá ina léiriú ar ghnéithe de stair an chontae;

- Is siombail ar an dúlra agus ar an gcoillearnach í an chraobh dharach agus í mar chomhartha, leis, go bhfuilimid tiomanta do na hacmhainní nádúrtha sin a chaomhnú.
- tugann Coróin na hÉireann Rí Laoghaire agus suaitheantas na Buirge chun cuimhne,
- is comhartha aitheantais do shean-séala cheantar Ráth an Dúin í an tSeamróg,
- tugann an Long Lochlannach ár stair mar cheantar cois cósta chun cuimhne agus tá an Sliabh agus na Tonnta ag teacht leis an gceantar agus le Mana an Chontae.

In 2008, mar rud sa bhreis ar an Suaitheantas Araltais oifigiúil, tugadh an branda dlr isteach agus an Suaitheantas agus an Mana léirithe air. Is é an branda dlr a úsáidtear i mbeagnach gach gné de ghnóthaí na Comhairle sa lá atá inniu ann.




Deonú Armas 1993 ag Oifig an Phríomh-Arailt



dlr Comhairle Contae County Council

Eilimintí ón mbranda dlr, a tugadh isteach in 2008

# Ag breathnú ar an todhchaí

Tá nascacht i gcroílár Chontae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. Le níos mó ná 233,000 cónaitheoir, tá 20% de dhaonra Bhaile Átha Cliath sa chontae, tá saibhreas oidhreachta áitiúil ann agus tá cuid de na háiseanna nádúrtha, cultúrtha agus spóirt is fearr in Éirinn ann. Cumasaíonn ár mbuiséad reatha de €275 milliún níos mó ná 1,000 seirbhís a sheachadadh ó thithíocht agus phleanáil go hiompar, bonneagar agus páirceanna, cultúr agus cruthaitheacht, cosaint an chomhshaoil, agus gníomh aeráide, ag cinntiú geilleagair áitiúla athléimneacha agus seachadadh áiseanna pobail iomadúla a shaibhríonn. cáilíocht beatha na saoránach. Táthar ag súil go méadóidh an daonra go 250,000 faoi 2031.

## Tithíocht


Tógáil ag Caisleán Sheangánaí 2024

Tá talamh criosaithe ag ár bPlean Forbartha Contae chun freastal ar suas le 26,000 teach nua thar na cúig bliana atá romhainn. Áiríonn sé fás sna comharsanachtaí atá ann cheana féin, ceantar nua ilchineálach Choill na Silíní agus láthair fostaíochta straitéiseach Áth an Ghainimh. Leanann téama na nascachta le coincheap na comharsanachta deich nóiméad, áit ar féidir le daoine siúl, rothaíocht nó úsáid a bhaint as iompar poiblí chun rochtain a fháil ar a gcuid riachtanas ó lá go lá i bpobail chónaithe nua ag Seanchonach, Ráth Michíl, Sruthán na Coille, Seangánach, Cill Tiarnáin, Gleann na Muc agus Baile Uí Ógáin. Meastar go mbeidh daonra de 25,000 cónaitheoir i mbaile nua Choill na Silíní, an tionscadal bonneagair uirbeach is mó in Éirinn atá lonnaithe i gcrios Forbartha Straitéisí Choill na Silíní, níos mó ná 8,000 teach nua, lár baile faoi stiúir mhiondíola, sé scoil nua, trí pháirc mhóra, agus trí stad LUAS.



## Aeráide ar dtús

Tá ár gcur chuige 'Tús Áite Aeráide' bunúsach don fhorbairt; Beidh ár gCriosanna Dícharbónaithe sa Charraig Dhubh agus i nDún Laoghaire ina n-eiseamláirí do thionscadail faoi stiúir áitiúil agus muid ag imirt ár bpáirt san aistriú chuig geilleagar atá athléimneach ó thaobh na haeráide de, saibhir ó thaobh bithéagsúlachta, inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus neodrach ó thaobh aeráide de faoi 2050. Is muidne an chéad Údarás Áitiúil i mBaile Átha Cliath a chloígh leis an Acht. Córas Bainistíochta Fuinnimh ISO50001. Táimid ag iarfheistiú ár stoc tithíochta sóisialta go léir faoi láthair agus beidh 100% dár soilsiú poiblí faoi stiúir. Táimid ag uasghrádú ár bhfoirgnimh phoiblí, ár linnte snámha agus ár dtithíocht shóisialta le roghanna inbhuanaithe agus muid ag bogadh ar shiúl ó bhreoslaí iontaise. Léirítear é seo inár dtithíocht do dhaoine breacaosta ag Beaufort a bhfuil gradaim bainte amach againn ina raibh méadú ar rátálacha BER ó rátáil E1 go rátáil A3 agus laghdú suntasach ar úsáid ríofa fuinnimh de thart ar 80% ar an réamhúsáid fuinnimh. Leantar le tógáil ag Eastát Chaisleán Sheangánaí ar 597 teach sóisialta, cíosa agus inacmhainne; an scéim chónaithe is mó in Éirinn atá deimhnithe go dtí an caighdeán tithe éighníomhacha, agus an t-éileamh íseal ar uisce te agus ar théamh na scéime á sholáthar ag córas teasa ceantair bunaithe ar chaidéil teasa.



## Taisteal Gníomhach, Cáilíocht Aeir agus Spásanna Poiblí Níos Fearr

Le níos mó ná 20,000 úsáideoir in aghaidh na seachtaine, nascann ár mBealach Rothaíochta Soghluaisteachta Cósta (CMR) i mbaile Dhún Laoghaire sráidbhailte uirbeacha, áiteanna snámha, siúlóidí agus páirceanna agus spreagann sé rothaíocht áitiúil comaitéireachta agus caitheamh aimsire. Leanfaidh ár mbealaí Taisteal Gníomhach ag tógáil naisc níos éifeachtaí chun ár mbailte áitiúla a nascadh, feabhas a chur ar cháilíocht an aeir agus spásanna poiblí níos fearr a chruthú.

## Cuan Dhún Laoghaire

Tá claochlú spreagúil ar bun ag Cuan Dhún Laoghaire a réiteoidh an bealach do thodhchaí bríomhar agus cuimsitheach. Déanfaidh Máistirphlean an Chuain agus bunú Champas Náisiúnta Spóirt Uisce an cuan a athrú ó bhonn go traidisiúnta, go spás atá dírithe ar dhaoine agus a rachaidh chun sochair an phobail ar fad. Tá an t-athrú seo ag teacht le fís an bhaile maidir le bheith ina cheann scríbe mara, turasóireachta agus eacnamaíoch den scoth. Ní hamháin go bhfeabhsóidh na tionscnaimh seo tarraingteacht an chuain ach cuirfidh siad freisin le fás agus rathúnas iomlán Dhún Laoghaire agus na gceantar máguaird.



## Páirceanna, Áiteanna Súgartha agus Spásanna Caitheamh Aimsire



Ón taobh thiar go dtí an taobh thoir, díríonn ár bpáirceanna, ár bpáirceanna súgartha agus ár spásanna áineasa ar nádúr agus folláine do chónaitheoirí agus do chuairteoirí lena n-áirítear ár bpáirceanna suaitheanta i gCábán tSíle agus Páirc Mharlaí, trí pháirc nua i bPáirceanna agus Gairdíní Choill na Silíní agus Cnoc na Raithne ina bhfuil bailiúchán uathúil gairdíní, coillearnaí. agus talamh talmhaíochta. Le níos mó ná 1,100,000 cuairteoir chuig ár leabharlanna gach bliain, tá tús curtha le hobair ar leabharlanna nua i Stigh Lorgan agus i mBaile Uí Ógáin, lena n-áirítear raon leathan deiseanna cultúrtha agus cruthaitheacha, spásanna céadfacha tiomnaithe agus stiúideo ceoil.

**Trí bhéim a choinneáil ar ár dtosaíochtaí corparáideacha a sheachadadh, tabharfar an deis do gach duine inár bpobail, beag beann ar aois nó cumas, ceangal a dhéanamh, páirt a ghlacadh agus taitneamh a bhaint as an saol go hiomlán, ag cinntiú go bhfuil ár gcontae ar cheann de na háiteanna is fearr chun cónaí agus oibriú ann agus cuairt go maith amach anseo.**

# Buaicphointí
## thar na blianta


Oscailt Iosta Oibríochtaí Bhaile Uí Ógáin 2006


dlr LexIcon osclaíonn 2014


Oilimpeacha Annalise Murphy Tilleadh Abhaile 2016


Comóradh 100 Bliain RMS Laighean 2018




Folcadáin Dhún Laoghaire 2022



Mol Cathartha ag oscailt 2018


Osclaítear Páirc agus Gairdíní Chnoc na Raithne 2018


Críochnaíodh Scéim Mhótarbhealaigh an Oirdheiscirt i 2005



# próifíl foirne dlr



## John Murphy
ÉASCAITHEOIR AR CHOMHPHÁIRTÍOCHT SA LÁTHAIR OIBRE GNÓTHAÍ CORPARÁIDEACHA

**Ar fhágáil na scoile duit, cad a rinne tú?**
Ba é mian chroí mo mháthar go rachainn leis an tsagartacht nó go mbeinn i mo mharcach, ach chuir mé díomá uirthi sa mhéid sin, faraor, toisc gur iomaí cineál poist a bhí agam leis na blianta. Ar imeacht ó scoil chónaithe i gClóirtheach dom agus mé 15 bliana d'aois, cuireadh oiliúint orm i gColáiste Lónadóireachta Charn Tobair ar feadh dhá bhliain agus rinneadh Freastalaí Freastail Airgid díom ansin. Thosaigh mé ag obair mar Oibrí Feirme ansin ar feadh roinnt blianta, agus chaith mé seal mar Dhíoltóir Árachais Taistil do Chuideachta Mheiriceánach. Thosaigh mé ag obair mar Thiománaí Tarracóra le Bardas Bhaile Átha Cliath in 1982 agus fuarthas ardú céime go hÉascaitheoir ar Chomhpháirtíocht sa Láthair Oibre in 1999, post a bhfuil an-dúil agam ann.

**Cad a Bhíonn agat don Bhricfeasta?**
Ní raibh dúil rómhór agam sa bhricfeasta riamh agus, go deimhin, nuair a thosaigh mé ag obair le Bardas Bhaile Átha Cliath, shásódh cupán tae agus caitheamh toitín cois téitheoir cosingas mé mar bhricfeasta ar maidin. Tá an méid sin feabhais tagtha orm leis na mblianta go n-ólaim cupán caife agus ithim píosa tósta smeartha le him agus marmaláid don bhricfeasta anois agus mé do mo ghoradh féin leis téamh faoi urlár.

**Cén post atá agat?**
Ceapadh mé mar Éascaitheoir Neodrach le plé cóir cothrom a dhéanamh le Ceardchumainn, Lucht Bainistíochta & Baill Foirne le gur féidir linn réimsí a aithint inar féidir linn teacht ar chomhaontú a rachaidh chun sochair do gach duine dínn.

**Cad a bhíonn ar siúl agat i rith gnáthlá oibre?**
Nach orm atá an chruóg agus mé ag obair ar m'aonar ach ní fhéadfainn a rá go raibh a leithéid de rud agus gnáthlá oibre agam riamh. Ní bhíonn aon dá lá mar an gcéanna ós iad an Coiste Comhpháirtíochta a chinneann na gníomhaíochtaí tionscadail le déanamh agus na himeachtaí le reáchtáil. Cuirtear de chúram orm ansin iad seo a chur chun cinn.

**Beidh 30 bliain ann i mbliana ó bunaíodh Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, cad na hiad na hathruithe móra atá tagtha uirthi le do linn?**
Teacht i bhfeidhm dálaí oibre níos fearr is dócha, bhí tráth ann nuair a bhíodh ar oibrithe lasmuigh dem' leithéidse suí i mbotháin stáin agus ba ghann agus ba bhocht an trealamh cosanta pearsanta a bhí ar fáil. Táim breá sásta a bheith réidh leis na laethanta sin anois! Rud eile de, is maith an rud é nach bhfuil deighilt ann a thuilleadh idir baill foirne laistigh/lasmuigh. I measc na ngrád atá ar ár gCoiste Comhpháirtíochta tá idir Oibrithe Ginearálta, Oifigigh Chléireachais & Baill den Lucht Bainistíocht. Tá an tábhacht chéanna ag tuairim gach duine timpeall an bhoird cruinnithe agus tugtar na deiseanna céanna do chách.

**Cad é an ghné is deacra de do phost?**
Chuireamar seal crua dínn le linn Covid mar, ach oiread leis an gcuid eile den phobal, ba ghnáthdhaoine a bhí sa daoine mórthimpeall an bhoird. Is cinnte nach bhféadfadh an Chomhpháirtíocht déanamh gan iad thar na blianta. Níl ann ach sop in áit na scuaibe físghlaonna ar Teams nó ar Zoom a dhéanamh le hais na dáimhe a chothaítear nuair a bhuaileann daoine le chéile aghaidh ar aghaidh. Fad a bheidh rud ann go gcaithfí é a dhéanamh, táimse ar dualgas!

**Cad é an ghné is taitneamhaí de do phost?**
An ghné is taitneamhaí, déarfainn, ná an dúil atá agam san obair agus mé ag obair le daoine iontacha ar fud na seirbhísí. Anseo in dlr b'iontach an tacaíocht atá tugtha ag dá Cheardchumann agus ag Lucht Bainistíochta don phróiseas Comhpháirtíochta go dtí seo. Is mór agam an meas a léirigh baill foirne thar na blianta ar an gcaoi a ndeachaigh mo chuid oibre chun tairbhe dóibh.

**Na hÁiteanna Is Ansa Liom Cuairt a Thabhairt Orthu**
Reilig Ghráinseach an Déin – Is ann a théim uair sa tseachtain le cuairt a thabhairt ar uaigh mo mháthar agus machnamh á dhéanamh agam ar feadh na faide ar laethanta geala m'óige. Mé ag siúl thar bhráid uaigheanna iar-chomhghleacaithe de mo chuid fad is atáim ann, daoine leithéidí Larry Galligan, Tommy Mullally. Bíonn cúpla focal i m'intinn féin agam le té atá marbh anseo agus stopaim le paidir ghairid a rá ansiúd. Is iontach chomh beo agus atá an stair san áit agus í lán le cuimhní cinn, brón agus an tuiscint gurb í seo ceann scríbe a lán daoine ar an saol seo. Ar aghaidh liom ansin isteach sa seomra tae gleoite atá lámh léi, mar a mbíonn Patricia & Fiona (aoibh an gháire ar a n-aghaidh i gcónaí) réidh chun cácaí beaga úrbhácáilte ar an láthair a riaradh orm, mar aon le fíor-thae agus ná bí ag caint liom faoi aon chaife ghalánta. Níl aon trácht ar chliceáil agus íoc ann: ní ghlacann siad ach le hairgead tirim.

**Cad é an rud deireanach a ritheann leat roimh dhul a chodladh?**
Múch an t-solas!

## Seachtain na Rothar 2024,
11-19 Bealtaine

Is ócáid bhliantúil í Seachtain na Rothar ina gceiliúrtar an rothaíocht agus na tairbhí atá le baint aistí fad is a fhéachtar le haird an phobail a tharraingt ar iompar inbhuanaithe. Is cuma cén sprioc atá agat — dul i mbun rothaíochta arís, breis rothaíochta a dhéanamh, nó triail a bhaint as rothaíocht den chéad uair — tá rud éigin ar siúl i rith Sheachtain na Rothar chun gach duine faoin spéir a shásamh.

An rud is mó ag dó na geirbe ag lucht eagraithe Sheachtain na Rothar i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin ná raidhse imeachtaí rothaíochta a eagrú do dhaoine idir óg agus aosta agus ar gach leibhéal cumais. Lena chois sin, déantar tréaniarracht léi an rothaíocht a chur i mbéal an phobail mar bhealach taitneamhach taistil nó gníomhaíocht choirp a dhéanamh.

Mar chuid de chlár Sheachtain Rothar dlr na bliana seo caite cuireadh réimse leathan imeachtaí ar siúl ar fud an Chontae, lena n-áirítear sábháilteacht rothar, seisiúin rothaíochta sléibhe, clár um dhul ó tholg go diallait, seisiún rothaíochta gléasta in éadaí dioscó, ceardlanna oiliúna do pháistí, seisiúin do mhná amháin & seisiúin do thuismitheoirí agus do pháistí gan ach neart díobh a lua!

Beidh cuntas iomlán ar Sheachtain Rothar dlr 2024 ar fáil go luath ar ár Suíomh gréasáin agus ar ár gcainéil meán sóisialta.



Rannpháirtithe an chláir Tolg go Diallait







## Féile le Chéile dlr 2024


Tá ár Rannóg Pobail ag lorg imeachtaí agus ocáidí mar chuid d'Fhéile le Chéile 2024 le dlr.

Tá Scéim Miondeontas ar fáil - tuilleadh eolais agus foirmeacha iarratais ar fáil ó community@dlrcoco.ie / 01 205 4893

Dáta deiridh le hiarratais imeachtaí & ocáidí a fháil: Déardaoin an 28 Márta 2024.

## Gluaiseacht Ghníomhach agus Éire Shláintiúil ag Do Leabharlann

Tá dea-nuacht againn maidir le clár le teacht níos déanaí an bhliain seo i gcomhar lenár gcomhghlacaí i gComhpháirtíocht Spóirt dlr agus i gcomhar le hÉire Shláintiúil ag Do Leabharlann. Agus muid ag leanacht ar aghaidh le ranganna Gluaiseacht Ghníomhach do dhaoine fásta atá ag iarraidh a gcuid solúbthachta agus aclaíochta a fheabhsú a chur ar fáil le Lisa Redmond ó Active Academy, táimid ag iarraidh tuilleadh deiseanna a chruthú do rannpháirtithe chun a n-aistear aclaíochta a chothú. Faoi chúram Lisa, cuirfidh clár leanúna deiseanna ar fáil dóibh siúd a bhfuil sraith ranganna críochnaithe acu sa leabharlann leanacht ar aghaidh an neart agus muinín a fhorbairt chun páirt a ghlacadh i réimse leathan imeachtaí ar fáil trí Chomhpháirtíocht Spóirt dlr. Coinnigh súil amach ar an spás seo!




## Earraigh isteach san Oidhreacht

Filleann Spring into Heritage arís i mbliana agus beidh sé ar siúl ó 25 Márta go dtí 28 Aibreán.

I measc na dturas treoraithe saor in aisce ar shainchomharthaí tíre móra áitiúla tá:

- Músaem Muirí Náisiúnta
- Páirc & Gairdíní Cnoc na Raithní
- Caisleán agus Ionad Oidhreachta Dheilginse
- Túr agus Músaem James Joyce
- Teach Chábán tSíle
- Túr Martello Seapoint
- An t-Aireagal
- Teach Mharlaí

I measc na gcainteanna beidh na Mianaigh Luaidhe & ár dtithe stairiúla. Áirithint trí events.dlrcoco.ie




## Iris Aoisbhá dlr 2024 **ar fáil anois!**

Agus í dírithe ar dhaoine breacaosta ina gcónaí inár measc, seoladh eagrán 2024 den Iris Aoisbhá dlr le déanaí faoi scáth Chlár Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin (dlr) le Tacú le Daoine Breacaosta agus Chomhaontas Aoisbhá an Chontae. Is iad Éire Ildánach, Éire Fholláin agus Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin a chistigh an iris agus is í 'Inchinn Fholláin' príomhthéama na hirise i mbliana.

Agus 84 leathanach lándaite san iris saor in aisce seo, tá sé lán go béal le heolas faoi sheirbhísí agus faoi chláir le spreagadh agus tacaíocht a thabhairt dúinn páirt a ghlacadh agus taitneamh a bhaint as an raidhse gníomhaíochtaí agus seirbhísí sóisialta, cultúrtha, cruthaitheacha, oideachais, fóillíochta agus aclaíochta atá ar fáil ar fud an chontae; gníomhaíochtaí a fhónann do dhul in aois ar bhealach dearfach agus d'Inchinn Fholláin a chothú. Tugtar comhairle agus treoir inti maidir le folláine inchinne agus scríbhneoireacht chruthaitheach chomh maith le neart tomhas a bheith le réiteach inti agus cuntais faoi oidhreacht áitiúil.

Is féidir cruachóip den iris a fháil saor in aisce ó aon cheann de na hocht Leabharlann bhrainse, nó ó Oifigí na Comhairle Contae dlr, ó ionaid phobail, ó ionaid shláinte chúraim phríomhúil, ó thithe altranais, ó ionaid chúraim lae agus ó ionaid siopadóireachta ar fud an chontae.

Dá mba mhaith leat cóip a fháil tríd an bpost, téigh i dteagmháil lenár Rannóg Pobail ag (01) 205 4893 / nó seol ríomhphost chuig community@dlrcoco.ie.
https://online.flippingbook.com/view/94356221/



Oifig Ealaíon dlr | **CLÁR AGUS IMEACHTAÍ DON EARRACH 2024**

## Fruity Bodies
### Taispeántas le Joanna Hopkins


On The Rag Tree, Joanna Hopkins

**Dánlann Bhardasach, an 3ú urlár, dlr LexIcon, Dún Laoghaire, Saor cead isteach, ón 10 Márta ar aghaidh**

Tá ríméad ar Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin Fruity Bodies a chur os comhair an phobail, taispeántas de shaothair ealaíne nua ó lámh Joanna Hopkins agus de shaothair eile a rinne sí le déanaí. Fuarthas cistiú chuige ó Chomhairle Ealaíon na hÉireann agus tacaíocht ó Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. Baineann Fruity Bodies leas as cruth an duine agus an tírdhreach chun béaloideas a chíoradh. Baineann Hopkins leas as ábhair a fuarthas le linn dul amach ar thóir foráiste agus as ruaimeanna ó phlandaí a fhásann i bhfálta sceach agus i bpáirceanna chun dealbha, bróidnéireacht, grianghrafadóireacht agus físeáin a dhéanamh. Díríonn sí ar chorp mná, cíoradh á dhéanamh aici ar phlandaí dúchasacha agus timpeallacht nádúrtha na háite mar lón machnaimh aici. Is ealaíontóir Éireannach í Joanna Hopkins a cuireadh saothair léi ar taispeáint in áiteanna ar fud na hÉireann, san RA, san Eoraip, sa tSín agus in SAM.

Reáchtálann Clár Foghlamtha na Dánlainne réimse leathan imeachtaí, cainteanna agus ceardlanna. Le haghaidh breis eolais, téigh chuig https://www.dlrcoco.ie/arts


Stiúideo Ealaíne ar Fáil do Chách, le caoinchead ó Kim Jenkinson

## Stiúideo Ealaíne ar Fáil do Dhaoine Fásta

**Seomra Tionscadail (in aice leis an nDánlann), Leibhéal 3, dlr LexIcon. Saor in aisce; buail isteach nuair a bhuaileann an fonn thú, ní gá áirithint a dhéanamh roimh ré.**

- Dé hAoine, an 22 Márta, 11am-1pm (Á reáchtáil seachtain níos luaithe ná mar is gnách mar gheall ar Aoine an Chéasta)
- Dé hAoine, an 26 Aibreán, 11am-1pm

Agus an-tóir orthu, leanfaidh ár Stiúideonna Ealaíne ar Fáil do Dhaoine Fásta ar aghaidh i rith an Earraigh. Bígí linn - is cuma más beag taithí atá agat ar chúrsaí ealaíne nó más ealaíontóir ag cleachtadh a c(h)eirde thú. Beidh Kim Jenkinson faoi do réir, í lánsásta cúrsaí a fhágáil fút féin nó cabhrú leat a oiread agus is mian leat. Spás agus ábhair ar fáil saor in aisce. Is eispéireas taitneamhach, cuideachtúil é ina gcuirtear fáilte roimh chách agus inar féidir leat do scíth a ligean.

## Dúlra agus Áit

Is tionscnamh le chuid Oifig na nEalaíon é Dúlra agus Áit. Bronnadh maoiniú ar thriúr ealaíontóirí chun grinnstaidéar agus cíoradh a dhéanamh ar fhoraoisí poiblí i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin agus freagairt a thabhairt orthu - foraoisí in áiteanna leithéidí Tigh an Chnoic, Tigh Bródáin, Barr na Slinneán, Carraig Uallacháin agus Baile Éamainn Duibh. Tá gach ealaíontóir ag obair ar a t(h)ionscadal féin ó mhí na Nollag 2023 i leith agus táthar ag súil go mbeidh siad críochnaithe faoi mhí an Mhárta. I measc na n-ealaíontóirí tá an grianghrafadóir Martin Healy atá i mbun sraith de ghrianghraif a ghlacadh le linn siúlóidí a dhéanamh sna sé fhoraois; tá an t-ealaíontóir Meadhbh O'Connor arb í suiteáin ilmheánacha an speisialtacht atá aici i mbun saothar ealaíne fuaime a dhéanamh atá bunaithe ar na sé fhoraois. Duine eile atá ag glacadh páirte sa tionscnamh seo is ea an t-ealaíontóir fuaime agus an cumadóir Robert Coleman atá ag obair i gcomhar leis an rinceoir agus leis an gcóiréagrafaí Laura Sarah Dowdall chun siúlóid fuaimeanna a chur le chéile ina gcíortar fuaimdhreach agus timpeallacht Choill Bharr na Slinneán. Reáchtálfar cur i láthair beo den tsiúlóid fuaimeanna i mí an Mhárta agus an bheirt ealaíontóirí i láthair chun lucht éisteachta a threorú tríd an bhforaois. Fuair na tionscadail tacaíocht ó Choillte agus ón gComhpháirtíocht Shléibhte Bhaile Átha Cliath.

Le haghaidh breis, coinnigh súil ar ár gcainéil meán sóisialta agus ar ár suíomh gréasáin: https://www.dlrcoco.ie/arts


Uimh. 9 Tigh an Chnoic, 2024, grianghraf dubh agus bán, Martin Healy

Leabharlanna dlr | **BUAICPHOINTÍ**

## Stiúideo Néara-éagsúil
### ar an Satharn ag dlr LexIcon



As seo go ceann cúpla Satharn eile, beidh ceardlanna éagsúla ar siúl atá curtha in oiriúint do pháistí a bhfuil riachtanais bhreise acu nó néara-éagsúlacht ag baint leo. Le haghaidh breis eolais nó le go gcuirfí ar an liosta seoltaí thú, ná bíodh leisce ort dul i dteagmháil le foireann Chultúr na Leabharlainne libraryculture@dlrcoco.ie

Dé Sathairn, an 6 Aibreán - cluichí agus súgradh na gcéadfaí do Pháistí de chuid SENSEable

## Píosa Spraoi do Thachráin ag dlr LexIcon



**Gach Céadaoin 10.30-11.30am**
**Leabharlann do Pháistí, Leibhéal 4**

Tar isteach i gcomhar seisiúin scéalaíochta le baill foirne, seisiúin cheardaíochta agus déanaimh rudaí, seisiúin rithime agus rannaireachta, gan trácht ar sheisiúin súgartha oscailte ar siúl gach Céadaoin go deireadh mhí na Bealtaine.

## dlr Yarnspinners
### Ciorcal Cumtha Scéalta do Dhaoine Fásta

Tá Lucht Cumtha Scéalta ag bualadh le chéile arís ar an tríú Céadaoin den mhí do dhaoine a bhfuil dúil acu in bheith ag éisteacht le scéalta, idir thraidisiúnta agus nua-aimseartha. Beidh sólaistí ar fáil ó 6pm ar aghaidh. Ní gá áit a chur in áirithe roimh ré agus tá fáilte roimh chách. Buail fút agus cuir cluas le héisteacht ort féin nó inis scéal tú féin má bhuaileann an fonn thú!

- Dé Céadaoin, an 20 Márta, ag 6.30pm, Stiúideo na hAmharclainne, ag dlr LexIcon agus Joe Brennan mar aoi-scéalaí ar an oíche
- Dé Céadaoin, an 17 Aibreán, ag 6.30pm, an Lab, Leibhéal 3, dlr LexIcon (aoi-scéalaí le dearbhú)

## Aclaíocht Ghníomhach do Dhaoine Fásta leis an Active Academy

**Ag tosú Dé Máirt, an 2 Aibreán go ceann 5 seachtaine, 11.00am – 12.00pm, Stiúideo na hAmharclainne, dlr LexIcon.**

Mar chuid de Éire Fholláin faoi scáth an chláir Do Leabharlann, tá an-áthas orainn dul i bpáirt le Lisa ó Active Academy chun na ranganna Seandaoine Gníomhacha seo a chur ar siúl. Is ranganna aclaíochta praiticiúla iad seo ar dearadh iad le do chumas a neartú tascanna laethúla a dhéanamh agus iad oiriúnach do dhaoine breacaosta ar gach leibhéal cumais. Is féidir gach cleachtadh a chur in oiriúint duit féin agus iad a dhéanamh ar do luas féin. Le háit a chur in áirithe, seol ríomhphost chuig libraryculture@dlrcoco.ie

## Inis Scéal don Earrach

Beidh an feachtas Inis Scéal don Earrach ar siúl i Leabharlanna dlr i rith mhí Aibreáin, áit a mbeidh seisiúin scéalaíochta agus cheardaíochta á reáchtáil againn, i bpearsa agus ar líne! Tá Inis Scéal don Earrach ar cheann de na 4 phríomhshnáithe sa chlár náisiúnta Ceart chun Léitheoireachta, a bhfuil sé mar aidhm aige acmhainní léitheoireachta agus litearthachta a chur chun cinn do dhaoine idir óg agus aosta agus ina leagtar béim ar leith ar leas a bhaint as seisiúin Scéalaíochta chun léitheoireacht a fhorbairt i measc páistí. Coinnigh súil ar ár gcainéil meán sóisialta le haghaidh breis eolais.

## Aistear & Do Leabharlann Áitiúil



Tá ríméad ar Leabharlanna dlr sraith nua acmhainní a sheoladh a dearadh go sonrach iad d'Oideoirí Luathbhlianta. Tá sé mar aidhm ag an gcnuasach Mála Scéalta nua seo agus ag sraith d'fhíseáin ar líne éachtaint a thabhairt ar na deiseanna atá ar fáil d'oideoirí luathbhlianta chomh maith le deiseanna nua a chruthú agus iad ag baint úsáide as a leabharlann áitiúil mar thaca d'Aistear a chur i bhfeidhm: An Creatchuraclam d'Oideachas Luath-Óige (2009). Nach orainn atá breá sásta an deis a bheith againn obair i gcomhar le Clara Maria Fiorentini ó Institiúid Oideachais Marino agus taighde á dhéanamh aici i gcomhair n-acmhainní seo chomh maith le hiad a dhearadh agus a chur i gcrích. Fuarthas maoiniú chuige seo ón gclár Éire Ildánach.

I measc an chnuasaigh de 14 mhála scéalta, tá leabhair atá oiriúnach do leanaí agus do dhaltaí réamhscoile níos sine mar aon le roinnt leabhair Ghaeilge. Tá leabhar pictiúr na linne seo le fáil i ngach ceann acu mar aon le hacmhainní forlíontacha éagsúla a thacaíonn le téama an mhála scéalta. Is féidir le hOideoirí Luathbhlianta i gceantar Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin na Málaí Scéalta a fháil ar iasacht má tá cárta Múinteora acu.

Tá trí fhíseán a ghabhann leis agus ba í Clara a dhear agus a chuir i láthair iad. Sna físeáin déanann sí téamaí éagsúla a phlé a bhaineann le foghlaim spraoi-bhunaithe, forbairt litearthachta agus litríocht do pháistí. Is féidir féachaint ar na físeáin seo ar chainéal Youtube Chomharile Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin https://www.youtube.com/playlist?list=PLCFdEA0Kr5po5veqWIs8dPZ5zb2b79HJR

Má tá breis eolais uait agus liosta de na málaí scéalta atá ar fáil, téigh i dteagmháil le do thoil le libraryculture@dlrcoco.ie



## Imeacht faoi scáth Léigh Aon Leabhar Amháin faoi Bhaile Átha Cliath: The Role of the Sea in Contemporary Irish Literature

**Déardaoin, 25 Aibreán, 6.30pm - 7.30pm. Stiúideo na hAmharclainne, dlr LexIcon. Cuir áit in áirithe trí Eventbrite.**

Agus é curtha ar siúl mar chuid de chlár imeachtaí Léigh Aon Leabhar Amháin faoi Bhaile Átha Cliath na bliana 2024, bí i láthair agus Louise Nealon i mbun comhrá le Sheila Armstrong, Olivia Fitzsimons agus Aingeala Flannery. Iad go léir tagtha le chéile chun an tslí ina dtéann an fharraige i gcion ar a saol a phlé, bíodh sé sin ar an leathanach nó ina ngnáthshaol. Agus a gcaidreamh leis an bhfarraige á cur trí chéile acu, labhróidh siad faoi na saothair liteartha a chuaigh i bhfeidhm ar a gcleachtas scríbhneoireachta féin agus faoi neart ábhar eile.

## Taispéantas faoi Ghrianghrafadóir Nuachtáin na Bliana

**11 Márta - 9 Aibreán. Leibhéal 3, dlr LexIcon.**



**Burning City, Alan Betson, Buaiteoir Gradam Ghrianghrafadóir Nuachtáin na Bliana 2024 de chuid AIB**

Agus é ar siúl an 46ú bliain as a chéile, is ócáid í Gradam Ghrianghrafadóir Nuachtáin na Bliana de chuid AIB (a reáchtáiltear faoi scáth Chumann Ghrianghrafadóirí Nuachtáin na hÉireann), ina gceiliúrtar scoth na grianghrafadóireachta sna meáin chlóite in Éirinn. Mar chuid den taispeántas, cuirtear breis agus 100 grianghraf i láthair a bhuaigh gradaim agus a fuair ard-mholadh as éachtaint a thabhairt ar shaol na hÉireann, i mbaile is i gcéin, le linn 2023. Tarraingíonn sé aird freisin ar dhúthracht agus ar scil na ngrianghrafadóirí nuachtáin is fearr in Éirinn.

## Féile Bhealtaine agus Féile Ionchuimsithe dlr

Tá an-áthas ar Leabharlanna dlr a bheith páirteach i bhFéile Ionchuimsithe dlr, i mbliana agus é seo ar siúl le linn na Féile Bealtaine. Le hé seo a cheiliúradh, cuirfear sraith imeachtaí ar siúl ar théama na féile: is é sin, Cairdeas a Chothú sa Phobal. Bígí linn ag seisiúin cheoil leis an gceoltóir Ruairí O'Shea agus ag ceardlanna ealaíne le duine de lucht na n-ealaíon Kim Jenkinson. Lena chois sin, reáchtálfar ceardlanna agus imeachtaí scéalaíochta chun Lá na hAfraice a cheiliúradh ar an 25ú lá de mhí na Bealtaine. Le liosta iomlán na n-imeachtaí a bheidh ar siúl sna leabharlanna brainse chomh maith leis an scéala is déanaí a fháil uair sa choicís, cláraigh le do thoil le ríomh-ráiteas nuachta Leabharlanna dlr. https://libraries.dlrcoco.ie/events-and-news/dlr-libraries-ebulletin

## Leabharlanna dlr: seirbhísí do Scoileanna



Cuireann leabharlanna dlr réimsí seirbhísí, acmhainní agus áiseanna for-rochtana ar fáil do mhúinteoirí agus do dhaltaí i gceantar dlr. Cuirtear iad seo ar fáil do gach réamhscoil, bunscoil, meánscoil agus scoil riachtanais speisialta oideachais i gceantar dlr. Tabhair cuairt ar ár suíomh gréasáin libraries.dlrcoco.ie le tuilleadh a fháil amach.

**Cárta Múinteora**

Más múinteoir thú, tá teacht agat ar chatagóir speisialta ballraíochta a ligfidh duit tarraingt ar stoc ó aon cheann dár leabharlanna chun cur le líon na leabhar i do leabharlann ranga. Chun leas a bhaint as ár n-áis cárta múinteora, níl le déanamh ag aon mhúinteoir atá ag obair i gceantar Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin ach bualadh isteach chuig a Leabharlann áitiúil dlr. Le ceann acu a fháil, ní mór duit cruthúnas ar sheoladh baile (bille fóntais reatha, srl.) a thaispeáint mar aon le litir ó phríomhoide do scoile ar pháipéar ceannteidil ina ndearbhaítear go bhfuil tú fostaithe ann faoi láthair. Féadann tú míreanna agus leabhair a bhailiú ó do rogha leabharlann áitiúil. Le do Chárta Múinteora beidh tú in ann 40 mír a fháil ar iasacht ar feadh tréimhse bhreisithe de 12 sheachtain.

**Tacair don Seomra Ranga**

Tá breis agus 6,000 mír le tabhairt amach againn mar chuid dár gcnuasach de thacair seomra ranga. Tá na tacair ar mhéideanna éagsúla, idir 10 agus 30 cóip i gceist leo, cuid acu oiriúnach do ranganna bunscoile, cuid eile do ghrúpaí meánscoile níos lú. Is féidir tacair a fháil ar iasacht ar feadh 3 mhí. Caithfidh múinteoirí Cárta Múinteora a bheith acu chun tacar seomra ranganna a fháil ar iasacht. Féadann tú míreanna agus leabhair a bhailiú ó do rogha leabharlann brainse. Tá liosta iomlán de na Tacair Seomra Ranga ar ár suíomh gréasáin anseo: https://libraries.dlrcoco.ie/find-and-renew/book-choices/book-sets agus tá teacht ar liosta de na háiteanna ina bhfuil ár leabharlanna lonnaithe anseo: https://libraries.dlrcoco.ie/using-your-library/find-your-library Faightear cur síos gearr agus aois léitheoireachta mholta le gach leabhar. Tabhair do d'aire, le do thoil, gur ar bhonn comhairle amháin a luaitear an aois léitheoireachta a mholtar, agus seans go n-oirfeadh roinnt leabhar d'aoisghrúpaí atá beagán níos óige nó níos sine ná an aois a luaitear leo. Seol d'iarratas ar Thacair Seomra Ranga chuig librarybib@dlrcoco.ie

# Déanann **do** Chomhairleoirí **dlr** ionadaíocht ortsa

Voter.ie

## DÚN DROMA

An CLR **SHAY BRENNAN** FF
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 086 829 0570
**RÍOMHPHOST:** sbrennan@cllr.dlrcoco.ie

An CLR **ANNE COLGAN** NSP
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 087 245 4202
**RÍOMHPHOST:** acolgan@cllr.dlrcoco.ie

An CLR **DANIEL DUNNE** CG
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 087 115 4468
**RÍOMHPHOST:** ddunne@cllr.dlrcoco.ie

An CLR **ANNA GRAINGER** FG
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 087 282 5511
**RÍOMHPHOST:** agrainger@cllr.dlrcoco.ie

An CLR **SEAN McLOUGHLIN** NSP
49A Céide an Átha Leathain,
Baile an tSaoir, Baile Átha Cliath 16
**FÓN PÓCA:** 087 741 1638
**RÍOMHPHOST:** smcloughlin@cllr.dlrcoco.ie

An CLR **PETER O'BRIEN** LO
23 Plásóga Cluain Ard,
Dún Droma, D16 KT53
**FÓN PÓCA:** 086 461 1638
**RÍOMHPHOST:** pobrien@cllr.dlrcoco.ie

An CLR **JIM O'LEARY** FG
48 Gleann na Páirce,
Bóthar Áth an Ghainimh, Dún Droma
**FÓN PÓCA:** 086 818 6732
**RÍOMHPHOST:** joleary@cllr.dlrcoco.ie

## STIGH LORGAN

An CLR **LIAM DOCKERY** FF
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 087 762 6065

An CLR **DEIRDRE DONNELLY** NSP
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 086 461 1625
**RÍOMHPHOST:** ddonnelly@cllr.dlrcoco.ie

An CLR **EVA ELIZABETH DOWLING** CG
AN LEAS-CHATHAOIRLEACH
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 083 149 6045
**RÍOMHPHOST:** edowling@cllr.dlrcoco.ie

An CLR **JOHN KENNEDY** FG
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 087 772 0794
**RÍOMHPHOST:** jkennedy@cllr.dlrcoco.ie

An CLR **MAEVE O'CONNELL** FG
79 Céide Shliabh Rua,
Cill Mochuda, Co. Bhaile Átha Cliath
**FÓN PÓCA:** 086-8516936
**RÍOMHPHOST:** moconnell@cllr.dlrcoco.ie

An CLR **BARRY SAUL** FG
3 Bóthar Mather Thuaidh,
Cnoc Mhuirfean
**FÓN PÓCA:** 086 781 4517
**RÍOMHPHOST:** bsaul@cllr.dlrcoco.ie

## AN CHARRAIG DHUBH

AN CLR **MARIE BAKER** FG
38 Plásóg Avondale,
An Charraig Dhubh
**FÓN PÓCA:** 086 818 6704
**RÍOMHPHOST:** mbaker@cllr.dlrcoco.ie

An CLR **KATE FEENEY** FF
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 086 461 1627
**RÍOMHPHOST:** kfeeney@cllr.dlrcoco.ie

An CLR **MARY HANAFIN** FF
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 085 120 2121
**RÍOMHPHOST:** mhanafin@cllr.dlrcoco.ie

An CLR **MAURICE DOCKRELL** FG
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 087 179 3679
**RÍOMHPHOST:** mdockrell@cllr.dlrcoco.ie

An CLR **KATE RUDDOCK** CG
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 087 951 4048
**RÍOMHPHOST:** kruddock@cllr.dlrcoco.ie

An CLR **MARTHA FANNING** LO
23 Bóthar an Chlochair,
An Charraig Dhubh, Co. Bhaile Átha Cliath
**FÓN PÓCA:** 087 204 1559
**RÍOMHPHOST:** mfanning@cllr.dlrcoco.ie




## DÚN LAOGHAIRE

An CLR **MARY FAYNE** FG
Cúl Méine, Bóthar Chuas an
Ghainimh, Cuas an Ghainimh, Co.
Bhaile Átha Cliath
**FÓN PÓCA:** 086 461 1626
**RÍOMHPHOST:** mfayne@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **LORRAINE HALL** FG
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 087 790 5555
**RÍOMHPHOST:** lhall@cllr.dlrcoco.ie

An CLR **TOM KIVLEHAN** CG
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 087 373 2518
**RÍOMHPHOST:** tkivlehan@cllr.dlrcoco.ie

An CLR **MELISA HALPIN** PSB
f/ch 13 Sráid Sheoirse Íochtarach,
Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 086 380 5793
**RÍOMHPHOST:** mhalpin@cllr.dlrcoco.ie

An CLR **JUSTIN MOYLAN** FF
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 087 313 8815
**RÍOMHPHOST:** jmoylan@cllr.dlrcoco.ie

An CLR **JULIET O'CONNELL** LO
59 Sráid Sheoirse Uachtarach,
Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 087 270 7745
**RÍOMHPHOST:** joconnell@cllr.dlrcoco.ie

An CLR **DAVE QUINN** DS
20 Ardán an Longfoirt
Baile na Manach
**FÓN PÓCA:** 087 247 3448
**RÍOMHPHOST:** dquinn@cllr.dlrcoco.ie

## GLEANN CUILINN-ÁTH AN GHAINIMH

An CLR **KAZI AHMED** FG
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 086 031 3448
**RÍOMHPHOST:** kahmed@cllr.dlrcoco.ie

An CLR **EMMA BLAIN** FG
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 087 715 2786
**RÍOMHPHOST:** eblain@cllr.dlrcoco.ie

An CLR **MICHAEL FLEMING** NSP
6 Lána na Céime,
Sráidbhaile na Céime
**FÓN PÓCA:** 086 020 1665
**RÍOMHPHOST:** mfleming@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **LETTIE McCARTHY** LO
23 Arda Chill Ghobáin,
An Chéim
**FÓN PÓCA:** 086 818 6718
**RÍOMHPHOST:** lmccarthy@cllr.dlrcoco.ie

An CLR **SENAN SEXTON** NSP
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 087 165 9022
**RÍOMHPHOST:** ssexton@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **TOM MURPHY** FF
Tree Tops, Barr na Coille,
Áth an Ghainimh
**FÓN PÓCA:** 086 781 4515
**RÍOMHPHOST:** tmurphy@cllr.dlrcoco.ie

An CLR **OISÍN O'CONNOR** CG
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 087 606 5648
**RÍOMHPHOST:** oconnor@cllr.dlrcoco.ie

## CILL INÍON LÉINÍN-SEANCHILL

An CLR **MICHAEL CLARK** FF
Oifig Fhianna Fáil,
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 087 109 4032
**RÍOMHPHOST:** mclark@cllr.dlrcoco.ie

An CLR **JIM GILDEA** FG
Mullach na Sí,
Bóthar Bhré, Seanchill
**FÓN PÓCA:** 086 813 1456
**RÍOMHPHOST:** jgildea@cllr.dlrcoco.ie

An CLR **HUGH LEWIS** NSP
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 086 781 4523
**RÍOMHPHOST:** hlewis@cllr.dlrcoco.ie

An CLR **FRANK MCNAMARA** FG
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 087 104 3210
**RÍOMHPHOST:** fmcnamara@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **DENIS O'CALLAGHAN** LO
AN CATHAOIRLEACH
49 Páirc Ráth Salach, Seanchill
**FÓN PÓCA:** 086 278 5609
**RÍOMHPHOST:** denisoc@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR **LAUREN TUITE** CG
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire
**FÓN PÓCA:** 087 788 1348
**RÍOMHPHOST:** ltuite@cllr.dlrcoco.ie

AN CLR. **CARRIE SMYTH** LO
Inislachan, Bóthar Ghort na
Mara, Cill Iníon Léinín
**FÓN PÓCA:** 086 383 5051
**RÍOMHPHOST:** carriesmyth@cllr.dlrcoco.ie